Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**9595/25**

**SOC 329**
**EMPL 207**
**EDUC 189**
**ECOFIN 639**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Measúnú ar na moltaí tírshonracha do 2025 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha do 2024: Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón Coiste um Chosaint Shóisialta<br>- *Formhuiniú* |

Gheobhaidh toscaireachtaí i gceangal leis seo an Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an measúnú ar na moltaí tírshonracha do 2025 agus cur chun feidhme na molta tírshonracha do 2024, atá le formhuiniú ag an gComhairle (EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 19 Meitheamh 2025.

Aguisíní a ghabhann leis an Nóta seo:

- Athbhreithnithe EMCO-SPC maidir le Cóineasú Sóisialta 2025 — Conclúidí tírshonracha (ADD 1)
- Athbhreithnithe faireachais iltaobhaigh EMCO 2025 — Conclúidí tírshonracha (ADD 2)
- Athbhreithnithe iltaobhacha cur chun feidhme 2025 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta — Conclúidí tírshonracha (ADD 3)

**IARSCRÍBHINN**

**Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le timthriall 2025 den Seimeastar Eorpach**

An 13 Meitheamh 2025

**Brollach**

Bunaithe ar fhorálacha Airteagail 148, 150 agus 160 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), na Cinntí ón gComhairle lena mbunaítear na Coistí, agus Rialachán 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach, tá an Coiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) inniúil chun an Seimeastar Eorpach a chur chun feidhme i ndáil le beartais fostaíochta, scileanna agus shóisialta.

Dá bhrí sin, le linn thimthriall 2025 den Seimeastar Eorpach, ag eascairt as na tograí faoi seach a thíolaic an Coimisiún Eorpach, rannchuidigh EMCO agus SPC le bailchríochnú na tuarascála bliantúla dar teideal *Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht*[1], an *Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro*[2], na *moltaí tírshonracha* nua[3]. Ina theannta sin, d'ullmhaigh na Coistí sraith Conclúidí ón gComhairle a ghabhfaidh le *Tuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht*[4] agus *nóta cothrománach* don Chomhairle Eorpach a ghabhfaidh le *moltaí tírshonracha 2025*[5].

1 Is é an Coimisiún a mhol Tuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht mar chuid de Phacáiste an Fhómhair an 18 Nollaig 2024. Ghlac an Chomhairle é ag an gcruinniú a bhí ag EPSCO an 10 Márta tar éis na caibidlíochta sna Coistí. Tá an foilseachán deiridh ar fáil ag an nasc seo.

2 Formheasadh gnéithe fostaíochta agus sóisialta den Mholadh maidir leis an Limistéar Euro ag cruinniú EPSCO an 10 Márta. Is ag cruinniú Ecofin an 13 Bealtaine a glacadh an moladh ar deireadh.

3 Mhol an Coimisiún Moltaí Tírshonracha 2025 mar chuid de Phacáiste an Fhómhair an 4 Meitheamh. Ghlac an Chomhairle na gnéithe fostaíochta agus sóisialta ag an gcruinniú a bhí ag EPSCO an 19 Meitheamh tar éis na caibidlíochta sna Coistí. Is ag cruinniú Ecofin an 8 Iúil a bheartaítear an glacadh críochnaitheach a dhéanamh.

4 D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht ag an gcruinniú a bhí ag EPSCO an 10 Márta.

5 Is é is aidhm don nóta cothrománach maidir le Moltaí Tírshonracha 2025, a ullmhaíodh faoi údarás Uachtaránacht na Polainne, cur leis na díospóireachtaí polaitiúla sa Chomhairle (ag cruinnithe EPSCO agus Ecofin an 19 agus an 20 Meitheamh, faoi seach) agus sa Chomhairle Eorpach (an 26 agus an 27 Meitheamh).

Scrúdaigh na Coistí freisin an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme mholtaí tírshonracha ábhartha a d'eisigh an Chomhairle in 2024. Chuidigh cur chun feidhme an *Chreata um Chóineasú Sóisialta* freisin le faireachán a dhéanamh ar staid an chóineasaithe shóisialta aníos san Aontas[6]. Maidir le cur chun feidhme an chreata sin, comhtháthaíodh an anailís chéadchéime i dTuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht, agus d'fhoilsigh an Coimisiún an anailís dara céim tar éis malartú déthaobhach leis na Ballstáit lena mbaineann, agus tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann leis an gcóineasú sóisialta aníos. Pléadh torthaí na hanailíse dara céim ansin in EMCO agus in SPC trí shraith *Athbhreithnithe ar an gCóineasú Sóisialta*.[7]

Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán 2024/2163[8] in 2025, phléigh na Coistí den chéad uair gnéithe fostaíochta agus sóisialta na *bPleananna Struchtúracha Fioscacha Meántéarmacha* nua[9] agus na *Tuarascálacha Bliantúla gaolmhara ar Dhul Chun Cinn*[10] arna n-ullmhú ag na Ballstáit. I gcomhar le Coistí Ecofin, rannchuidigh EMCO agus SPC freisin le hullmhú na Moltaí ón gComhairle lena bhformhuinítear na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha[11].

Tá tuairimí foriomlána na gCoistí maidir le gnéithe rialachais an tSeimeastair Eorpaigh i **Roinn 1** den Tuairim seo. Tá machnamh i **Roinn 2** maidir leis na tograí le haghaidh moltaí tírshonracha 2025 a ghlac an Coimisiún agus a cuireadh faoi bhráid EMCO agus SPC an 5 Meitheamh 2025. I **Roinn 3,** tá toradh an scrúdaithe ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme mholtaí tírshonracha ábhartha 2024 agus na torthaí ón gCreat um Chóineasú Sóisialta, i bhfoirm teachtaireachtaí téamacha arna n-eascairt as na hathbhreithnithe faireachais iltaobhaigh a rinne na coistí. Tá conclúidí tírshonracha iniata mar **iarscríbhinní**.

---

6 Cuirtear síos ar dhearadh agus ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta sna Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach agus sa tuarascáil gaolmhar ón Meitheal chomhpháirteach EMCO-SPC. Cuireadh na doiciméid faoi bhráid na Comhairle (EPSCO) an 12 Meitheamh 2023. Pléadh na gnéithe den Chreat um Chóineasú Sóisialta i dtionól tiomnaithe de Mheitheal EMCO-SPC idir mí Dheireadh Fómhair 2022 agus mí na Bealtaine 2023.

7 D'fhoilsigh an Coimisiún an anailís dara céim trí dhoiciméad inmheánach oibre an 11 Aibreán. Rinne EMCO agus SPC na hathbhreithnithe sin an 13 Bealtaine (féach Roinn 3.1).

8 Rialachán (AE) 2024/1263 an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle.

9 Foilsítear na Pleananna Struchtúracha Fioscacha Meántéarmacha ag an nasc seo.

10 Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ag an nasc seo.

11 Is é an Coimisiún a mholann na moltaí agus glactar iad ag cruinnithe Chomhairle Ecofin.

## Roinn 1

## Gnéithe rialachais den Seimeastar Eorpach

**Ba é timthriall Sheimeastar Eorpach 2025 an chéad bhliain de chur chun feidhme chreat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais, ina bhfuil Colún Eorpach na gCeart Sóisialta fós ar cheann de thosaíochtaí coiteanna an Aontais.** I gcomhréir leis na hiarrataí[12] a rinneadh roimhe seo, ba dhíol sásaimh do na Coistí gur bunaíodh cur chuige níos comhtháite maidir le beartais eacnamaíocha, fhioscacha, fostaíochta agus shóisialta, lena n-áirítear trí chomhar neartaithe a dhéanamh idir Comhairle EPSCO agus Ecofin. Aithníodh i dtimthriall Sheimeastar 2025 go bhfuil tosaíochtaí fostaíochta, scileanna agus oideachais, agus sóisialta ríthábhachtach chun prionsabail an Cholúin a bhaint amach, agus ag an am céanna go bhfuil siad ar cheann de na príomhchumasóirí cothrománacha chun iomaíochas agus fás inbhuanaithe cuimsitheach an Aontais a neartú. Sa chomhthéacs sin, phléigh EMCO agus SPC na gnéithe ábhartha den chéad bhabhta de na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha a thíolaic na Ballstáit, rannchuidigh siad le hullmhú na moltaí ón gComhairle lena bhformhuinítear a n-inneachar, agus phléigh siad ábhar gaolmhar tuarascálacha ar dhul chun cinn. Leis na pleananna meántéarmacha, leagtar béim láidir ar an bhfostaíocht, ar scileanna agus ar oideachas, agus ar bheartais shóisialta, agus tugann sciar mór de na bearta údar le síneadh a chur leis an gconair choigeartaithe fhioscaigh sna réimsí sin mar gheall ar an tionchar dearfach a mheastar a bheidh acu ar an bhfás eacnamaíoch.[13] Ag tógáil ar an machnamh leitheadach a rinneadh idir 2023 agus 2024 ar na héifeachtaí eacnamaíocha atá ag beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta[14], tá na Coistí ag tnúth leis go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leo maidir le dearadh agus sainordú 'mol eolais' tiomnaithe. Is féidir leis an tionscnamh sin cuidiú a thuilleadh le comhthuiscint a chothú ar an gcaoi a gcuireann an fhostaíocht, scileanna agus an t-oideachas, chomh maith le hathchóirithe agus infheistíochtaí sóisialta, leis an dul chun cinn sóisialta agus le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach araon.

---

12 Féach an Tuairim maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh (Míreanna 8, 9 agus 11) a d'fhormhuinigh an Chomhairle i mí na Samhna 2023 agus an Tuairim i ndáil le tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (Míreanna 16 agus 17), a d'fhormhuinigh an Chomhairle i mí an Mhárta 2024.

13 Féach an litir ó Chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta chuig Airí EPSCO, dar dáta an 26 Feabhra.

14 Is astu sin a d'eascair an Tuairim maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh (a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 28 Samhain 2023), an díospóireacht bheartais a bhí ag Airí EPSCO agus Ecofin (an 12 Márta 2024), na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta maidir le geilleagair athléimneacha (a d'fhormheas an Chomhairle an 20 Meitheamh 2024, agus Treoirphrionsabail Dheonacha do Bhallstáit an Aontais chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta (a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 20 Meitheamh 2024).

**Maidir leis an an ngné fostaíochta agus shóisialta den Seimeastar, phléigh na Coistí, le linn thimthriall 2025, an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo i dtreo spriocanna 2030 an Aontais agus spriocanna náisiúnta maidir leis an bhfostaíocht, scileanna, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú.**[15] Cé go bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart chun príomhsprioc 2030 a bhaint amach - is é sin, go mbeidh 78 % ar a laghad den daonra fostaithe faoin bhliain sin - agus gur bhain seacht mBallstát a spriocanna náisiúnta amach cheana féin agus go bhfuil a bhformhór ar an mbóthar ceart, thug EMCO dá aire, agus is cúis imní dó é, nach ndearna ach dul chun cinn teoranta i dtreo sprioc an Aontais maidir leis an oideachas do dhaoine fásta, agus gan ach deich mBallstát ag laghdú na mbearnaí i dtreo a spriocanna náisiúnta.[16] Ag an am céanna, d'aithin SPC de bharr phaindéim COVID-19, chomh maith leis an ngéarchéim fuinnimh agus an boilsciú ard a bhí ann le blianta beaga anuas, nach rabhthas in ann ach laghdú beag a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas, agus nach ndearna ach leath de na Ballstáit dul chun cinn i dtreo a spriocanna náisiúnta agus go raibh meath ar thart ar aon trian díobh. I mí na Bealtaine, ba dhíol sásaimh do na Coistí an deis a dtuairimí a chur in iúl a thuilleadh maidir le hábhar an chéad Phlean Gníomhaíochta eile um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a chomhlánaíonn na tuairimí a cuireadh in iúl cheana ina d*Tuairim maidir leis na tosaíochtaí beartais a bheidh ann amach anseo maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta*[17] a ullmhaíodh in 2024.

---

[15] Chuir na Coistí Tuairim maidir leis an bpróiseas náisiúnta chun spriocanna a leagan amach do 2030 faoi bhráid na Comhairle i mí an Mheithimh 2022.

[16] Sa chomhthéacs sin, d'iarr roinnt comhaltaí EMCO go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar a indéanta atá sé aistriú ó shonraí ón suirbhé ar an oideachas aosach go sonraí ón suirbhé ar an bhfórsa saothair (mar atá beartaithe faoi láthair), chomh maith leis an bhféidearthacht oiliúint ar an láthair oibre a mheas, i bhfianaise an dul chun cinn teoranta a rinneadh go dtí seo agus a ábhartha a bheadh an chineál sin oiliúna i roinnt tíortha.

[17] Féach Fonóta 12.

**Chun tacú leis na rioscaí agus na ndúshlán a bhaineann leis an gcóineasú sóisialta aníos a shainaithint, chuir an Coimisiún an Creat maidir le Cóineasú Sóisialta chun feidhme.** Tar éis an athbhreithnithe ar an treoirthionscadal a cuireadh chun feidhme in 2024[18], thug na Coistí dá n-aire go dearfach gur fhoilsigh an Coimisiún anailís an dara céim ní ba luaithe, rud a d'fhág go rabhthas in ann na hathbhreithnithe faireachais iltaobhacha gaolmhara a ullmhú ar bhealach níos fearr. Thug EMCO agus SPC dá aire gur comhtháthaíodh torthaí an Chreata i dtograí le haghaidh moltaí tírshonracha 2025 agus sna Tuarascálacha Tíre, agus, ar an gcaoi sin, thacaigh siad le gníomhaíochtaí beartais a shainaithint chun an cóineasú sóisialta aníos a chothú. Mar sin féin, d'athdhearbhaigh roinnt comhaltaí den Choiste go raibh siad in amhras maidir le cumas an Chreata rioscaí don chóineasú sóisialta a bhrath go cuimsitheach, go háirithe mar gheall ar thráthúlacht táscairí sóisialta áirithe agus toisc nach bhfuil roinnt réimsí beartais ábhartha sa Scórchlár Sóisialta, agus d'iarr siad go mbeadh tuilleadh idirphlé ann chun an trédhearcacht a áirithiú sa phróiseas trína sainaithníonn an Coimisiún na tíortha atá i mbaol cóineasú sóisialta. Tá na Coistí faoi réir le dul ag obair leis an gCoimisiún chun na coigeartuithe a chuirfidh feabhas ar an anailís agus ar an bpróiseas a chur chun feidhme.

**De réir an chleachtais chaighdeánaigh, bhí plé cuimsitheach ag EMCO agus SPC freisin le Comhpháirtithe Sóisialta an Aontais agus le hionadaithe Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta maidir leis na tosaíochtaí beartais a leagtar amach i bPacáiste an Fhómhair agus i bPacáiste an Earraigh.** De thoradh na malartuithe sin, bhí idirphlé cuiditheach substainteach ann, a breithníodh go cuí agus an Tuairim seo á hullmhú. Athdhearbhaíonn na Coistí gur phríomhghné í rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, ionadaithe na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ag gach céim de thimthriall náisiúnta an tSeimeastair Eorpaigh agus an cheaptha beartais chun go n-éireoidh le comhordú agus cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch, fostaíochta agus shóisialta. Sa chomhthéacs sin, sa chéad leath de 2025, neartaigh EMCO agus SPC rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta ina ngníomhaíochtaí a thuilleadh, d'fhonn a rannpháirtíocht a chothú maidir le dúshláin a shainaithint agus freagairtí beartais ábhartha a cheapadh.[19]

---

[18] Féach an Measúnú ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta mar a chuirtear chun feidhme é ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024, a phléigh an Chomhairle ag an gcruinniú EPSCO an 2 Nollaig 2024.

[19] Le linn thimthriall 2025 an tSeimeastair Eorpaigh, tionóladh cruinnithe trípháirteacha i nGrúpa Anailíse Beartais EMCO an 11 Márta - a raibh comhpháirtithe sóisialta náisiúnta ó na Ballstáit uile páirteach iontu - agus in SPC an 11 Aibreán (a raibh an tsochaí sibhialta páirteach iontu freisin), chun plé a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le ganntanais saothair agus scileanna a foilsíodh i mí an Mhárta 2024.

**Chomh maith leis sin, tionóladh cruinniú comhpháirteach idir comhaltaí EMCO agus an Choiste Oideachais i mí an Mhárta tráth a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Aontas na Scileanna.** Sa seisiún tuairimíochta, leag na Ballstáit béim ar a thábhachtaí atá an tionscnamh agus na hinfheistíochtaí breise san oideachas agus i scileanna, agus phléigh siad na gnéithe éagsúla a bhaineann leis.

**Ar deireadh, iarrann na Coistí ar an gCoimisiún — i ndlúthchomhar le hUachtaránachtaí na Comhairle a bheidh ann amach anseo — amlíne leordhóthanach intuartha a bhunú ó 2026 ar aghaidh chun Pacáiste an Earraigh a fhoilsiú.** Le linn thimthriall na bliana seo, chuir EMCO agus SPC in iúl go láidir go raibh siad míshásta gur foilsíodh Pacáiste an Earraigh go déanach an 4 Meitheamh, rud a chuir rannpháirtíocht Chonradh-bhunaithe chomhlachtaí ullmhúcháin EPSCO i mbaol agus na moltaí tírshonracha nua á n-ullmhú agus á bhformheas. Mar gheall ar an moill, bhí gá le coigeartuithe eisceachtúla ar leibhéal an Choiste agus ar leibhéal na Comhairle, lena n-áirítear cruinniú Chomhairle EPSCO a bhí beartaithe i dtosach báire don 12 Meitheamh (go dtí an 19 Meitheamh) a chur siar, agus socruithe speisialta a thabhairt isteach sna Coistí chun a áirithiú go mbeadh ar chumas Airí EPSCO na gnéithe fostaíochta agus sóisialta de na moltaí tírshonracha nua a fhormheas ar a laghad. Mar sin féin, murab ionann agus an gnáthchleachtas, ní fhéadfadh Airí EPSCO na moltaí tírshonracha a bhaineann le hinniúlacht chomhroinnte EPSCO-Ecofin a fhormheas, agus glacfar go díreach iad ag cruinniú Chomhairle Ecofin atá beartaithe don 8 Iúil. Thairis sin, leis an tréimhse ama ghearr ina ndéanfar scrúdú ar ghnéithe fostaíochta, scileanna agus sóisialta na moltaí tírshonracha, is baol go mbainfí an bonn d'inchreidteacht phróiseas an tSeimeastair agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar úinéireacht agus ar cháilíocht na moltaí deiridh mar gheall ar a laghad ama a bheidh fágtha le haghaidh fíorphlé iltaobhach.

## Roinn 2

### Measúnú ar na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Moltaí Tírshonracha do 2025

**Is éard a bhí sna tograí le haghaidh moltaí tírshonracha 2025 aistriú ón gcur chuige 'sprionlaithe' a bunaíodh in 2022, a bhaineann le cineál cuimsitheach na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, go sraith moltaí níos cuimsithí.** Mar a bhí anuraidh, díríodh i dtimthriall an tSeimeastair ar an iomaíochas agus an rathúnas a chothú san Aontas trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach agus ar acmhainneacht na táirgiúlachta. Laistigh de shainchúram *chomhlachtaí ullmhúcháin* EPSCO, mar thoradh air sin, ceapadh roinnt tograí le haghaidh moltaí tírshonracha maidir le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna agus ar mhímheaitseáil scileanna, maidir le córais oideachais agus oiliúna a neartú, lánpháirtiú i margadh an tsaothair agus beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir le margadh an tsaothair a chur chun cinn, na dídhreasachtaí a bhaineann le hobair i gcánachas saothair agus i gcórais sochair shóisialta a laghdú, agus córais cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta a neartú. Mar thoradh air sin freisin, cuireadh béim mhór ar an iomaíochas a fheabhsú agus, ag an am céanna, seasamh le gné shóisialta an Aontais chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

**Chun an fhostaíocht a dhreasú a thuilleadh, moltar do na Ballstáit beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí bhearta spriocdhírithe dóibh siúd atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, agus trí na córais sochair chánach a athchóiriú.** Leagtar béim in anailís an Choimisiúin ar a thábhachtaí atá sé cáilíocht post agus dálaí níos fearr oibre a chur chun cinn, agus ról ríthábhachtach ag an idirphlé sóisialta agus ag an gcómhargáil, i gcomhréir leis na dlíthe agus/nó na cleachtais náisiúnta. Meastar nach mór sin a dhéanamh chun deireadh a chur leis na bacainní ar rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, agus chun rannchuidiú le tarraingteacht agus iomaíochas na hEorpa, mar a leagadh béim air le déanaí freisin sa *Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist*.[20]

[20] Féach an Tuairim maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist, a ullmhaíodh do chruinniú Chomhairle EPSCO an 19 Meitheamh.

**Leis na moltaí nua, cuireadh béim an-láidir ar chúrsaí oideachais agus ar fhorbairt scileanna mar phríomhspreagthaí d'Eoraip iomaíoch agus rathúil, agus fuair na Ballstáit uile moltaí ina leith sin.** Tá sin á spreagadh a thuilleadh le treochtaí le gairid lena léirítear laghdú ar fheidhmíocht bunscileanna agus an dul chun cinn mall atá á dhéanamh maidir le rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a mhéadú. Chuige sin, moltar do na Ballstáit cur leis na deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, aitheantas scileanna a fheabhsú, curaclaim agus modhanna teagaisc a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais mhargadh an tsaothair, agus cáilíocht agus cuimsitheacht fhoriomlán an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú. Dírítear i roinnt tograí le haghaidh moltaí tírshonracha, dá réir sin, ar thacaíocht oideachais níos spriocdhírithe a chur ar fáil do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste agus ar oideachas agus oiliúint chuimsitheach a neartú, agus ba cheart a chur san áireamh i mbeartais oideachais agus scileanna an t-éileamh méadaitheach ata ag teacht ar ardscileanna agus scileanna ETIM – go háirithe in earnálacha straitéiseacha a bhaineann leis an nuálaíocht agus leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach – agus aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar ghanntanais agus mímheaitseáil saothair agus scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

**I réimsí an chuimsithe shóisialta agus na cosanta sóisialta, go háirithe i dtaca le pinsin, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, tugadh aird iomchuí i dtograí le haghaidh moltaí tírshonracha 2025 ar ábhair imní maidir le leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach araon.** Moltar do na Ballstáit a gcórais phinsin a athchóiriú – arna gcomhlánú le bearta atá dírithe ar shíneadh a chur leis an saol oibre – agus chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht sochar eile cosanta sóisialta agus cuimsithe a fheabhsú. Ag an am céanna, ba cheart dóibh méadú a dhéanamh ar an rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha agus sóisialta - lena n-áirítear cúram sláinte, agus cúram fadtéarmach - trí éagothromaíochtaí críochacha a chur san áireamh freisin. Mar fhreagairt ar athruithe déimeagrafacha agus ar an éileamh méadaitheach gaolmhar atá ag teacht ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach, meastar go bhfuil sé ríthábhachtach aistriú chuig cuir chuige choisctheacha phobalbhunaithe. Maidir leis an mbochtaineacht, agus go háirithe bochtaineacht leanaí, moltar do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, trí éifeachtacht, cumhdach agus leordhóthanacht na n-aistrithe sóisialta agus an chúnaimh shóisialta a fheabhsú freisin, agus a n-inbhuanaitheacht fhioscach á háirithiú ag an am céanna. Leagadh béim freisin sna tograí le haghaidh moltaí tírshonracha ar fhorbairtí ábhartha i dtéarmaí inacmhainneacht tithíochta, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de chaighdeáin mhaireachtála.

**D'ainneoin na socruithe *ad hoc* a raibh gá leo chun bailchríoch a chur ar thograí le haghaidh moltaí tírshonracha 2025, d'áirithigh EMCO agus SPC go ndéanfaí comhar leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch agus le Comhaltaí Malartacha an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, agus leis sin bhíothas in ann scrúdú éifeachtach a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna beartais de chineál trasearnálach.** I gcomhréir leis an gcleachtas caighdeánach, rinneadh plé in EMCO ar mholtaí tírshonracha a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus scileanna agus toscairí ón gCoiste Oideachais páirteach ann. Pléadh moltaí tírshonracha a bhaineann leis an tsláinte in SPC, agus iarradh ar chomhaltaí comhordú a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta le saineolaithe ábhartha.

## Roinn 3

## Na príomhthorthaí maidir le cur chun feidhme Mholtaí Tírshonracha 2024 agus maidir le staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas

**Tá faireachas iltaobhach ar cheann de phríomhchúraimí EMCO agus SPC faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh**.[21] Is é atá i gceist leis, *inter alia*[22]*,* grinnmheasúnú ar na hathchóirithe, na hinfheistíochtaí agus na gníomhaíochta beartais níos leithne a d'éirigh as na moltaí tírshonracha a d'eisigh an Chomhairle le linn timthriallta eile den Seimeastar Eorpach. Dá réir sin, tá ról ríthábhachtach ag na gníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh maidir le tacú le gníomhaíochtaí beartais na mBallstát trí eolas ar bheartais agus dea-chleachtais a mhalartú agus trí chomhthuiscint ar dhúshláin thírshonracha a chur chun cinn d'fhonn an Chomhairle a chur ar an eolas faoin méid sin.

---

21 I gcás EMCO, tá an cleachtadh bunaithe ar Airteagail 148 agus 150 CFAE, agus i gcás SPC tá sé bunaithe ar Airteagal 160 CFAE. Le Rialachán nua (AE) 2024/1263 deimhníodh EMCO agus SPC i measc na gcoistí ábhartha a bheidh rannpháirteach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh de réir a n-inniúlachtaí faoi seach. Leis an dá Chinneadh ón gComhairle lena mbunaítear na Coistí (2015/772, lena n-aisghairtear 2000/98 do EMCO; agus 2015/773, lena n-aisghairtear 2004/689 le haghaidh SPC), tugadh sainordú dóibh freisin rannchuidiú le gach gné den Seimeastar Eorpach ina réimsí faoi seach.

22 In EMCO, is é atá sna gníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh freisin athbhreithnithe tiomnaithe ar chur chun feidhme Moltaí áirithe ón gComhairle atá faoi shainchúram EPSCO agus atá dírithe ar na Ballstáit uile. In SPC, eagraítear grinnphlé téamach tiomnaithe nó cuirtear tuarascálacha comhpháirteacha in iúl chun obair leantach a dhéanamh ar Mholtaí ábhartha ón gComhairle.

**In 2025, rinne an dá Choiste measúnú ar chur chun feidhme mholtaí tírshonracha ábhartha 2024 agus, i gcomhthéacs na hanailíse nua tírshonraí ar an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta, phléigh siad anailís tíre dara céim an Choimisiúin ar chóineasú sóisialta agus tháinig siad ar chonclúidí ina leith.** I gcás na n-athbhreithnithe tírshonracha uile, bunaíodh na meastóireachtaí ar thuairisciú na mBallstát ar na bearta is déanaí a rinneadh, agus ina dhiaidh sin rinne na Ballstáit eile agus an Coimisiún measúnuithe ar na bearta sin. Thángthas ar chomhaontú frithpháirteach maidir leis na conclúidí tírshonracha agus tá siad i gceangal leis an tuairim seo.

### 3.1. Torthaí cothrománacha ó EMCO agus SPC maidir le cóineasú sóisialta aníos

**An 13 Bealtaine 2025, rinne EMCO agus SPC sraith 'Athbhreithnithe ar Chóineasú Sóisialta' ar bhonn na hanailíse ón gCoimisiún ar chóineasú sóisialta aníos i gcomhréir leis an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta.** Rannchuidíonn an anailís thírshonrach sin le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta sa Seimeastar Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE. Tá sí ina cabhair freisin chun prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme go náisiúnta agus chun príomhspriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach, mar aon le spriocanna náisiúnta maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Cumhdaíodh sna hathbhreithnithe na rioscaí agus na dúshláin don chóineasú sóisialta aníos atá roimh na Ballstáit a ndearnadh anailís orthu in anailís tíre dara céim an Choimisiúin ar chóineasú sóisialta a foilsíodh an 11 Aibreán[23], chomh maith le cur chun feidhme mholtaí tírshonracha 2024 a eisíodh chuig na Ballstáit sin, i gcás inarb ábhartha.

[23] Féach Anailís tíre dara céim an Choimisiúin ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta (SCF).

- I gcomhthéacs margaí saothair láidre athléimneacha, in anailís dara céim 2025 ar an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta leagadh béim ar na **dúshláin, i réimsí na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta** go háirithe mar gheall ar roinnt patrún atá ag dul in olcas, agus i réimse an oideachais agus na scileanna. Tá dúshláin fós ann i margadh an tsaothair, áfach, go háirithe iad siúd a bhaineann le bearnaí i rannpháirtíocht agus rátaí fostaíochta grúpaí sonracha (mná, daoine óga, daoine faoi mhíchumas, náisiúnaigh tríú tír), scileanna suntasacha agus ganntanais saothair, chomh maith le héagothromaíochtaí réigiúnacha a dhéanann difear do roinnt Ballstát. Ar an iomlán, is rómhinic a bhíonn muintearas le grúpa daonra atá i staid leochaileach fós ina réamhtháscaire láidir ar thorthaí oideachais agus ar thorthaí mhargadh an tsaothair.
- Tá dúshláin roimh roinnt Ballstát a bhaineann le **hardrioscaí leanúnacha bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta** - go háirithe i gcás roinnt grúpaí - maidir le córais éifeachtúla cosanta sóisialta a chur ar bun lena dtugtar aghaidh go héifeachtach ar rioscaí bochtaineachta, agus neamhionannais arda ioncaim, go háirithe i bhfianaise an bhoilscithe aird a bhí ann le blianta beaga anuas, rud a raibh tionchar níos mó aige ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar theaghlaigh gan duine fostaithe. Tá rátaí bochtaineachta leanaí fós ard go ginearálta freisin, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme ina hiomláine. Tá dúshláin fós roimh Bhallstáit eile maidir le feabhas a chur ar an rochtain ar chúram sláinte inacmhainne agus ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, rud atá ríthábhachtach go háirithe i bhfianaise aosú an daonra. Ba cheart é a bheith ina thosaíocht i gcónaí i roinnt mhaith Ballstát rochtain ar bhearta ardcháilíochta maidir le cuimsiú gníomhach a áirithiú - ar bearta iad a chomhtháthaítear le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha agus sóisialta – lena n-áirítear d'fhonn neamhionannais i measc grúpaí daonra agus ar fud na réigiún a laghdú, agus chun comhtháthú sóisialta a neartú. Le blianta beaga anuas, tá athchóirithe agus infheistíochtaí á mbeartú nó á gcur chun feidhme, go háirithe agus é d'aidhm acu gníomhachtú mhargadh an tsaothair agus leordhóthanacht sochar sóisialta agus pinsean a mhéadú, chomh maith le cur leis an rochtain ar chúram sláinte inacmhainne agus ar chórais cúraim fhadtéarmaigh. Tá comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith ann idir maoiniú leordhóthanach agus inbhuanaitheacht na gcóras cosanta sóisialta agus slándála sóisialta fós an-ábhartha sa chomhthéacs sin, rud a léiríonn an gá atá le ceapadh éifeachtach éifeachtúil córas cánach agus sochar.

- Tá **rannpháirtíocht daoine fásta san oiliúint** fós íseal agus i bhfad faoi bhun spriocanna an Aontais do 2030 - agus, i mórán cásanna, faoi na spriocanna náisiúnta freisin. Is cosúil go bhfuil géarghá le hiarrachtaí leanúnacha chun cáilíocht agus cothromas na gcóras oideachais agus oiliúna a fheabhsú agus chun bunscileanna a neartú, d'fhonn dul i ngleic freisin le héagothromaíochtaí leanúnacha i dtorthaí oideachais agus leibhéil scileanna a bhaineann le dálaí socheacnamaíocha. Sa chomhthéacs sin, is iad na daoine is lú scileanna fós na daoine is lú seans go rachaidh siad i mbun gníomhaíochtaí oiliúna agus, dá bhrí sin, go mbainfidh siad tairbhe as an aistriú glas agus as an aistriú digiteach. Tá dúshláin fós ann maidir le haghaidh a thabhairt ar luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, gan ach dul chun cinn mall tugtha faoi deara ina leith sin. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí feabhas a chur ar an gcumas **beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair** atá dea-cheaptha agus spriocdhírithe a chur ar fáil, in éineacht le seirbhísí cumasúcháin eile, chun daoine i staideanna leochaileacha agus ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a chumhachtú, agus chun na scileanna is gá a thabhairt dóibh chun dul isteach i margadh an tsaothair, fanacht ann agus dul chun cinn a dhéanamh ann, i bhfianaise na gclaochluithe glasa agus digiteacha freisin.
- Is léir tiomantas na mBallstát aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha i réimse an oideachais agus na scileanna, agus go leor athchóirithe agus clár leanúnach á gcur chun feidhme - trí Chiste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+) agus tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta freisin - chun leibhéil scileanna bunúsacha agus digiteacha a fheabhsú, agus chun athchóiriú a dhéanamh ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint chomh maith le córais ardoideachais. Ar an gcaoi chéanna, tá bearta á dtabhairt isteach chun lánpháirtiú NEETanna agus daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair a neartú, lena n-áirítear trí chur chun feidhme leanúnach na Ráthaíochta don Aos Óg, agus trí dhreasachtaí agus feachtais faisnéise d'fhostóirí. Mar sin féin, tá go leor de na bearta sin ag céim luath den chur chun feidhme, agus níor tháinig torthaí chun cinn go fóill. Leagadh béim freisin sna hathbhreithnithe ar an tábhacht leanúnach a bhaineann le huirlisí faireacháin láidre a úsáid agus measúnuithe tionchair a dhéanamh chun **meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeartas** agus chun aon choigeartú is gá a shainaithint, lena n-áirítear tráth a mbeidh na beartais á gcur chun feidhme.

**3.2. Torthaí cothrománacha ó EMCO**

**An 19 Márta, reáchtáil an Coiste Fostaíochta a athbhreithniú bliantúil maidir le hoideachas agus scileanna arb é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na moltaí tírshonracha ábhartha a chur chun feidhme agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn a sainaithníodh sa Mhonatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus sa Scórchlár Sóisialta.** Rinneadh plé téamach bunaithe ar phríomhthorthaí Thuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht. Ina theannta sin, an 18 Márta, tionóladh cruinniú comhpháirteach den Choiste Fostaíochta agus den Choiste Oideachais chun seisiún tuairimíochta a reáchtáil i ndáil leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hAontas na Scileanna, an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Oideachas ETIM agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Bunscileanna, chomh maith le plé a dhéanamh ar chás-staidéir ar úsáid na hintleachta saorga i gcórais oideachais agus oiliúna.

- Tháinig laghdú beag ar **ghanntanais saothair agus scileanna** ar fud thíortha an Aontais in 2024 ach tá siad fós ard, go háirithe i roinnt príomhearnálacha le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, mar shampla earnálacha ETIM, chomh maith leo siúd is mó a bhfuil tionchar ag daonra atá ag dul in aois orthu, mar shampla earnáil an chúraim. I gcomhthéacs geilleagair atá ag moilliú ach margaí saothair láidre, léirítear go soiléir leis an nganntanas saothair agus scileanna atá ann i gcónaí go ndéanann mímheaitseáil scileanna struchtúracha difear do mhargaí saothair an Aontais.
- Tá an tAontas i bhfad ó **sprioc 2030 maidir leis an bhfoghlaim aosach** a bhaint amach, agus níl a spriocanna náisiúnta bainte amach ach ag trí Bhallstát cheana féin agus tá go leor eile ag titim ar gcúl. Dá bhrí sin, tá gá le hiarrachtaí suntasacha brostaithe chun an sprioc a bhaint amach faoi 2030. Ba cheart é a bheith d’aidhm ag beartais go háirithe feabhas a chur ar rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach dóibh siúd atá lasmuigh de mhargadh an tsaothair, dóibh siúd a bhfuil leibhéal íseal oideachais agus meánleibhéal oideachais acu agus dóibh siúd atá os cionn 55 bliana d’aois, nach bhfuil chomh rannpháirteach san oiliúint faoi láthair.
- Tá dul chun cinn teoranta déanta ar leibhéal an Aontais maidir le **scileanna digiteacha**, agus bunscileanna digiteacha ar a laghad ag beagán níos mó ná leath na saoránach Eorpach idir 16-74 bliana d’aois in 2023. Mar sin féin, taifeadtar éagothromaíochtaí suntasacha idir na Ballstáit agus tá laghdú tagtha ar inniúlacht i scileanna digiteacha i measc daoine óga, rud atá ina chúis imní.

- Tá méadú tagtha ar chlárú in **oideachas agus cúram na luath-óige** le 10 mbliana anuas agus tá sprioc 2030 bainte amach ag seacht mBallstát. Mar sin féin, tá éagothromaíochtaí suntasacha fós ann ar fud thíortha an Aontais agus idir grúpaí sochdhéimeagrafacha, agus bhí tionchar ar leith acu sin ar dhaoine ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste agus ar dhaoine atá ina gcónaí i gceantair iargúlta.
- Is ábhar imní é go bhfuil **bunscileanna** ag dul in olcas, agus go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaltaí nach bhfuil ag éirí leo sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht i bhformhór na mBallstát. Tá cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste fós mar phríomhtháscaire i dtaca le tearcfheidhmíocht, agus tá an bhearna ag leathnú le mic léinn a bhfuil buntáiste acu. Tá ganntanas leanúnach múinteoirí, atá níos déine i réimsí ETIM agus i scoileanna faoi mhíbhuntáiste, ag tabhairt dúshlán do cháilíocht an oideachais.
- Ar an taobh eile, tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun an **sprioc maidir le gnóthachtáil oideachais threasaigh** a bhaint amach, ach tá an tsaincheist fós ann maidir le feabhas a chur ar ábharthacht an ardoideachais do mhargadh an tsaothair chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna i roinnt réimsí agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí inscne. Tá sé sin ábhartha go háirithe do réimsí ETIM, ina bhfuil cailíní fós faoi ghannionadaíocht. Sa chomhthéacs sin, leanann na Ballstáit de leibhéil arda tiomantais a léiriú chun dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu a bhaineann le torthaí oideachais agus cothromas a fheabhsú, curaclaim a ailíniú níos fearr le riachtanais mhargadh an tsaothair, scileanna an lucht saothair a fhorbairt agus rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim a mhéadú. Tá athchóirithe móra seolta ag roinnt Ballstát, lena n-áirítear nuachóiriú na gcuraclam agus gairm na múinteoireachta a neartú, ach níl a dtionchar le feiceáil go fóill.
- Cuirtear bearta chun feidhme ar bhonn uilechoiteann freisin **chun infhaighteacht clár uas-scilithe agus athscilithe a leathnú a thuilleadh, feabhas a chur ar thacaíocht spriocdhírithe do chuardaitheoirí poist agus curaclaim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chur in oiriúint do riachtanais mhargadh an tsaothair.** Mar sin féin, i mórán cásanna, is gá géarú ar na hiarrachtaí sin, agus dlús a chur le beartais chun soghluaisteacht an lucht saothair a chothú, náisiúnaigh oilte tríú tír a mhealladh, dul i ngleic leis an meath ar scileanna bunúsacha agus digiteacha agus, i gcás inarb ábhartha, aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí atá ag éirí níos measa.

- Mar gheall ar an nasc cúisíoch láidir idir an cúlra socheacnamaíoch agus torthaí ísle oideachais, rannpháirtíocht laghdaithe i ngníomhaíochtaí oiliúna agus foghlama agus drochpheirspictíocht maidir le margadh an tsaothair, tá gá le hiarrachtaí treisithe ón Aontas agus ó na Ballstáit chun **rochtain ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán** a áirithiú do chách ó aois óg.
- Tá sé ríthábhachtach grinn**mheasúnú tionchair** a dhéanamh ar na bearta a cuireadh chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair na mBallstát, d’fhonn leanúint leo siúd is rathúla tar éis théarmaí éaga CSE+ agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, a mhaoiníonn formhór mór díobh faoi láthair.

**An 2-3 Aibreán, thionóil EMCO a athbhreithniú bliantúil ar Bheartais Ghníomhacha maidir le Margadh an tSaothair, Cánachas Saothair, agus Deighilt Mhargadh an tSaothair, arb é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na moltaí tírshonracha ábhartha a chur chun feidhme, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn a sainaithníodh sa Mhonatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus sa Scórchlár Sóisialta.** Sa bhreis ar na hathbhreithnithe tírshonracha, rinneadh plé téamach bunaithe ar phríomhthorthaí Thuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht. Iarradh ar Leas-Chathaoirleach Líonra na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta freisin an Coiste Fostaíochta a thabhairt cothrom le dáta maidir le gníomhaíochtaí na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta sna Ballstáit.

- Cé go raibh margadh an tsaothair fós láidir in 2024, tá deis ann fós leas a bhaint as **acmhainneacht fostaíochta daoine ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste**, a bhfuil dúshláin fós rompu maidir le dul isteach i margadh an tsaothair agus fanacht ann. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas lucht saothair atá fós ard agus, san fhadtéarma, chun an laghdú ar an daonra atá in aois oibre mar gheall ar threochtaí déimeagrafacha a fhritháireamh.
- Cé go bhfuil na Ballstáit ag géarú ar na hiarrachtaí chun díriú níos fearr ar bheartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair, lena n-áirítear trí fhóirdheontais fostaíochta, agus trí acmhainneacht agus soláthar seirbhíse na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a neartú, tá **caiteachas ar bheartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair** fós íseal i roinnt tíortha.
- Tugtar **difríochtaí inscne** faoi deara freisin, agus is lú seans go nglacfaidh mná páirt i mbearta gníomhachtúcháin. Tá gá le hiarrachtaí méadaithe chun an méid a chumhdaítear le beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair a leathnú, go háirithe do dhaoine i staideanna leochaileacha agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

- Leanann fostaíocht ainneonach shealadach agus pháirtaimseartha, obair neamhdhearbhaithe, féinfhostaíocht bhréagach, agus cineálacha nua oibre de bheith ag cur le **deighilt mhargadh an tsaothair**, rud a imríonn tionchar ar bhearnaí sa rochtain ar chosaint shóisialta, san fhorbairt gairme agus i ndeiseanna forbartha scileanna.
- Cé gur tháinig laghdú ar **sciar na fostaíochta sealadaí** in 2024, tá rátaí ísle aistrithe i dtreo conarthaí neamhiata agus sciar ard d'fhostaithe sealadacha ainneonacha fós ina n-ábhar imní i roinnt mhaith Ballstát.
- Tugtar faoi deara go dearfach an **laghdú ar fhostaíocht pháirtaimseartha ainneonach** i mbeagnach gach tír san Aontas. Mar sin féin, i roinnt Ballstát, tá tionchar aige fós ar níos mó ná 40 % de na daoine a oibríonn líon laghdaithe uaireanta an chloig, go háirithe mná.
- Feictear tiomantas leathan chun aghaidh a thabhairt ar thosca institiúideacha, lena n-áirítear **cánachas agus reachtaíocht maidir le cánachas agus cosaint fostaíochta**, a chuireann leis an deighilt i margadh an tsaothair go minic agus a spreagann aistrithe i dtreo conarthaí neamhiata. Tá bearta á gcur chun feidhme freisin chun cineálacha nua oibre, mar shampla obair hibrideach agus cianobair, a chomhtháthú sa reachtaíocht.
- D'fhéadfaí feabhas mór a chur ar chúrsaí fós i roinnt mhaith Ballstát maidir le **cánachas a aistriú ón saothar i dtreo boinn chánach eile** agus athbhreithniú a dhéanamh ar cheapadh na gcóras sochair cánach chun rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú agus chun uaireanta oibre níos faide a dhreasú.
- Ní mór feabhas a chur fós ar **cheapadh na gcóras cánach agus sochar** i roinnt mhaith tíortha Eorpacha, áit a bhfuil dídhreasachtaí suntasacha chun oibre fós ann i gcás daoine neamhghníomhacha, daoine dífhostaithe, daoine ar phá íseal agus an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh. Tá an drochcheapadh sin ar cheann de na tosca atá taobh thiar d'éagothromaíochtaí inscne i margadh an tsaothair, rud a imríonn tionchar mór ar roghanna oibre laistigh de theaghlaigh, go háirithe roghanna an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh.
- Ina theannta sin, ós rud é gur minic a bhíonn **freagrachtaí cúraim** ar mhná go díréireach, is é an easpa seirbhísí leordhóthanacha oideachais luath-óige agus cúraim fhadtéarmaigh is cúis leis na bearnaí fostaíochta idir na hinscní i roinnt mhaith tíortha.

**3.3. Torthaí cothrománacha ón gCoiste um Chosaint Shóisialta**

**Le linn thimthriall Sheimeastar 2025, rinne an Coiste 11 athbhreithniú ar mholtaí tírshonracha an 10 agus an 11 Aibreán i réimsí beartais faoina inniúlacht, agus thug sé aghaidh ar dhúshláin shonracha i réimsí na bpinsean, an chúraim sláinte, an chúraim fhadtéarmaigh agus na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta.** Bunaíodh na hathbhreithnithe tírshonracha uile ar thuairisciú na mBallstát ar na bearta is déanaí a rinneadh, agus ina dhiaidh sin rinne na Ballstáit eile agus an Coimisiún measúnuithe ar na bearta sin. Comhlánaíodh na hathbhreithnithe tírshonracha le gnéithe cothrománacha éagsúla den chleachtadh faireachais iltaobhaigh, rud a bhain tairbhe as an bplé téamach comhfhreagrach a eagraíodh i gcruinnithe an Choiste um Chosaint Shóisialta. Sa chomhthéacs sin, bhí plé téamach domhain ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta ag an gcruinniú a bhí aige i mí an Mhárta maidir le ‘beartais a thacaíonn le gníomhaíocht eacnamaíoch daoine scothaosta a chomhtháthú’, i ndáil le beartas pinsean. Ag an gcruinniú a bhí ag an gcoiste i mí Aibreáin, eagraíodh plé trípháirteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta 2024 maidir le Ganntanais Saothair agus Scileanna san Aontas. Díríodh sa phlé ar dhá réimse, a chomhfhreagraíonn do chosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, cúram fadtéarmach agus dúshláin cúraim sláinte, eadhon trí thuairimí a mhalartú maidir le forbairtí beartais chun tacú le grúpaí faoi ghannionadaíocht a ghníomhachtú, agus dul i ngleic le ganntanais lucht saothair in earnálacha an chúram fhadtéarmaigh agus an chúraim sláinte. Braitheann na torthaí cothrománacha ar cheardlanna na n-athbhreithnithe tíre agus ar chonclúidí na bpléití téamacha dá dtagraítear.

**Maidir le haosú gníomhach, thángthas ar an gconclúid le linn an phlé gur chuir na Ballstáit freagairtí beartais i bhfeidhm lena gcumhdaítear an méid seo a leanas:**

- **Dreasachtaí chun síneadh a chur leis an saol oibre**/dreasachtaí a fheabhsú chun scor a chur siar, trí rátaí fabhraithe feabhsaithe + bónais/sochair phinsin bhreise d’oibrithe scothaosta a fhanann i margadh an tsaothair níos faide ná an aois scoir reachtúil.

- **Roghanna solúbtha i dtreo scoir**: an fhéidearthacht ioncam a chomhcheangal ó fhostaíocht le sochair phinsin agus rochtain de réir a chéile ar scor a éascú, trí uaireanta oibre a laghdú de réir a chéile nó aistriú go hobair pháirtaimseartha sna blianta roimh dhul ar scor.
- **Tairseacha coigeartaithe** a chiallaíonn nach ndéanfaidh ioncam breise difear d'íocaíochtaí pinsin chun deireadh a chur le bacainní ar ioncam ón obair agus ó phinsin a chomhcheangal, mar a dhíspreagtar le cánach iomlán ar ioncam breise nó le híocaíocht iomlán ranníocaíochtaí árachais shóisialta.
- **Traenáil mhargadh an tsaothair agus tacaíocht cháilíochta** i gcomhthéacs beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair d'oibrithe scothaosta dífhostaithe agus d'oibrithe scothaosta atá faoi bhagairt iomarcaíochta agus mar chuid de sholáthar rialta uas-scilithe ar feadh an tsaoil.
- **Fóirdheontais phá agus fostaíocht fhóirdheonaithe** a thacaíonn le hathimeascadh oibrithe scothaosta agus scéimeanna um fhilleadh ar an obair chun na rioscaí d'imeacht luath ó mhargadh an tsaothair de dheasca tréimhsí fada neamhláithreachta ón obair mar gheall ar fhadhbanna sláinte a laghdú.
- **Cleachtais inbhuanaithe san áit oibre** a thugann aghaidh ar bhacainní ar rannpháirtíocht oibritheoirí scothaosta i réimsí éagsúla: éascaitheoirí san áit oibre, scileanna digiteacha/úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, obair hibrideach agus teilea-obair, cleachtais acmhainní daonna agus bainistiú aoise cliste, in éineacht le bearta spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú aoise agus chun cóir chothrom d'oibrithe scothaosta a chur chun cinn.
- **Idirphlé sóisialta agus cómhargáil** lena bhfeabhsaítear ceart oibrithe scothaosta thar íosmhéideanna dlíthiúla, lena n-áirítear cosaint ar dhífhostú, sábháilteacht san áit oibre a chur chun cinn agus rioscaí fhisiciúla agus síceasóisialta laghdaithe, soláthar laethanta saoire bliantúla breise, tuarastail bunaithe ar shinsearacht agus cearta breise ar shaoire cúramóirí.

**Go ginearálta, thángthas ar na conclúidí a leanas le linn an phlé maidir le haosú gníomhach:**

- Tá sé ríthábhachtach **an insint agus an meon** maidir leis an daonra atá ag dul in aois **a athrú** le haghaidh cinntí aonair agus le haghaidh bearta beartais éifeachtacha araon. Ba cheart daoine scothaosta, i bhfianaise a sláinte níos fearr agus a n-ionchas saoil níos airde, a mheas mar dhaoine a chuireann go mór leis an tsochaí seachas mar ualach ar an tsochaí.
- Ba cheart an meon a athrú i gcás **cinntí aonair agus i gcás bearta beartais éifeachtacha** araon. Ar an leibhéal aonair, ba cheart féinfheasacht agus féintuairim daoine scothaosta maidir lena gcumais a neartú, trí bheartais shaincheaptha uas-scilithe agus athscilithe chun oiriúnú níos fearr do mhargadh an tsaothair agus don timpeallacht dhigiteach atá ag athrú.
- Maidir leis na dúshláin ar leagadh béim orthu go háirithe na cinn **a bhaineann leis an tsláinte**, tá sé ríthábhachtach éagumas chun fostaíochta a chosc, oiriúnaithe san áit oibre a chur i bhfeidhm agus beartais lena n-áirithítear filleadh rathúil ar an obair tar éis tinneas fada a cheapadh.
- Ba cheart cumais éagsúla grúpaí gairme éagsúla a chur san áireamh sna **dreasachtaí chun síneadh a chur leis an saol oibre**. Tugann sé sin le tuiscint gur próiseas é an scor agus gur gá conairí scoir a choigeartú le haghaidh próifílí gairme éagsúla.
- Chun **leas a bhaint as an acmhainneacht neamhshaothraithe do dhaoine atá san aoisghrúpa 60-64** chun a ráta fostaíochta a mhéadú, go háirithe i measc na mban, ba cheart, leis na bearta, aghaidh a thabhairt ar riachtanais a bhaineann le freagrachtaí cúraim, mar shampla: uaireanta oibre solúbtha, socruithe pinsin páirteacha agus athimeascadh a éascú tar éis sosanna cúraim.
- Leis an **'pacáiste beartais', ba cheart beartais phinsin, beartais spriocdhírithe ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair, beartais shóisialta agus chomhionannais inscne, beartais agus cleachtais shaincheaptha cuideachtaí**, lena n-áirítear bainistiú aoise bunaithe ar an áit oibre agus bainistiú coisctheach sláinte, gníomhaíochtaí comhpháirteacha sóisialta agus soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim a chomhtháthú.

**Maidir leis na dúshláin a bhaineann le ganntanais lucht saothair, cuireann na Ballstáit bearta beartais chun feidhme chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- **Comhordú le soláthraithe seirbhíse ábhartha a fheabhsú** agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí fíor-riachtanacha a éascú do thairbhithe ioncaim íosta. Mar shampla, bunaíodh struchtúir tairsí nó ionaid ilfhreastail idir an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta agus údaráis a sholáthraíonn sochair (institiúidí náisiúnta slándála sóisialta/cúnaimh) do chuardaitheoirí poist agus do dhaoine a bhfuil dúshláin lánpháirtíochta sóisialta agus gairmiúla rompu. I gcásanna eile, chuir na an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta feabhas ar a gcomhar ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, rud a neartaigh comhpháirtíochtaí le bardais, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le soláthraithe seirbhíse, ar nós ionaid cúraim sláinte.
- **Scéimeanna tacaíochta sóisialta a neartú maidir le rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí fíor-riachtanacha**, le rochtain fheabhsaithe ar dheiseanna oideachais agus oiliúna, gairmthreoir agus comhairleoireacht shóisialta, lena n-áirítear comhairle bhuiséadach chun féichiúnas a chosc. Tá forálacha tugtha isteach ag roinnt Ballstát chun solúbthacht a mhéadú maidir le fostaíocht a chomhcheangal le sochair shóisialta faoi choinníollacha áirithe, agus tá bearta glactha ag Ballstáit eile nó tá bearta á bpleanáil acu chun feabhas a chur ar dhreasachtaí oibre d'fhaighteoirí ioncaim íosta.

**Thángthas ar na conclúidí seo a leanas:**

- **Maidir le cuimsiú gníomhach**, deimhníodh an bhéim ar **chuir chuige chomhordaithe**, tá comhar agus comhtháthú na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta le soláthraithe seirbhíse (sóisialta) eile ríthábhachtach chun tacaíocht chomhtháite agus phearsantaithe a sholáthar.
- Tá an gníomhachtú ábhartha ní hamháin dá réasúnaíocht eacnamaíoch, ach don chomhtháthú sóisialta freisin.
- **Níor cheart go gcruthódh** ioncam íosta **sáinn na bochtaineachta** agus tá gá le seirbhísí fostaíochta tacúla agus le hoiliúint spriocdhírithe, arna soláthar i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta.
- Tá sé ríthábhachtach **steiréitíopaí a chomhrac** chun a áirithiú go ngníomhachtófar mná, daoine de bhunadh imirceach agus Romaigh.
- Ar deireadh, cuireadh i dtábhacht sna hidirghabhálacha gur cheart fostaíocht i **bpoist ardcháilíochta, le cinnteacht ioncaim**, a bheith mar thoradh ar aistrithe ón dífhostaíocht agus ón neamhgníomhaíocht, agus neamhshláine agus bochtaineacht lucht oibre á seachaint ag an am céanna.

- **In earnálacha an chúraim fhadtéarmaigh agus an chúraim sláinte**, tá an tábhacht a bhaineann le **foireann leordhóthanach agus inbhuanaithe** ríthábhachtach, ag díriú, i measc nithe eile, ar phá feabhsaithe agus ar bhearta eile le haghaidh folláine coirp agus intinne.
- Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sna hearnálacha lena mbaineann, iarrtar idirghabhálacha chun **daoine óga a mhealladh** san earnáil, le hoideachas agus oiliúint tosaigh spriocdhírithe, agus ba cheart uas-sciliú agus athsciliú ábhartha spriocdhírithe agus leanúnach a chur ar fáil don lucht saothair atá ann cheana, agus béim mhór á leagan ar scileanna digiteacha.
- Tá an t-altranas an-dian go fisiciúil, rud a mhéadaíonn an baol go dtarlóidh galair cheirde, lena n-áirítear neamhoird mhatánchnámharlaigh agus shíceolaíocha. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag beartais, go háirithe beartais **sláinte agus sábháilteachta**, cur chuige coisctheach a bhaint amach.
- Tá riachtanais infheistíochta sna hearnálacha fíor-riachtanach: ba cheart scéimeanna píolótacha beaga a mhéadú agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí agus na nuálaíochtaí nua (ar nós feistí leighis digiteacha agus teileachúram).
- Is dúshlán iad **neamhionannais chríochacha** maidir le rochtain ar sheirbhísí nach mór aghaidh a thabhairt orthu le bearta iomchuí. Thuairiscigh na Ballstáit ar roinnt cineálacha cur chuige nuálacha, mar shampla cleachtais clinicí soghluaiste, teilileigheas, ath-leithdháileadh cúraimí ó dhochtúirí go cógaiseoirí agus altraí.

**Iarscríbhinní:**

1. Conclúidí tírshonracha ó Athbhreithnithe 2025 EMCO-SPC ar Chóineasú Sóisialta.
2. Conclúidí tírshonracha ó athbhreithnithe faireachais iltaobhaigh 2025 EMCO.
3. Conclúidí tírshonracha ó athbhreithnithe iltaobhacha cur chun feidhme 2025 SPC.